Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10007/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0135 (NLE)**

**AELE 34**
**MI 572**
**N 36**
**FL 14**
**ISL 21**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 263 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse<br>(Rialachán EDIP) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 263 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 263 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2026
COM(2026) 263 final

2026/0135 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Rialachán EDIP)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i dtaca leis an gCinneadh ón gComhchoiste a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh a bhaineann le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘*Comhaontú LEE*’) ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach do shaoránaigh agus oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud na 30 Stát in LEE, mar atá Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Ina theannta sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, réimsí a dtugtar beartais ‘*tionlacain agus chothrománacha*’ orthu i dteannta a chéile. Tháinig Comhaontú LEE i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí i gComhaontú LEE é an tAontas in éineacht lena Bhallstáit.

### 1.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a dhéanann sé a chuid cinntí agus bíonn na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe. Is í Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 1.3. An gníomh ó Chomhchoiste LEE atá beartaithe

Tá coinne leis go nglacfaidh Comhchoiste LEE an Cinneadh ó Chomhchoiste LEE (‘*an gníomh atá beartaithe*’) maidir le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2025/2643 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú[1] a chumhdach.

Díolmhófar an Íoslainn agus Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach san Ionstraim seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann léi.

Is léiriú é an gníomh atá beartaithe ar an dlúthchomhar idir an Iorua agus an tAontas Eorpach sa staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair.

I gcomhréir le beartas buiséadach an Aontais, ní féidir a bheith rannpháirteach in aon chor i ngníomhaíocht de chuid an Aontais go dtí go n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach. Is féidir an ranníocaíocht a dhéanamh, áfach, tar éis ghlacadh an dréacht-Chinnidh ón gComhairle agus tar éis glao an Aontais ar chistí, arna bhunú ag an gCoimisiún Eorpach, a chur faoi bhráid Stáit CSTE LEE.

[1] Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, IO L, 2025/2643, 29.12.2025.

Dá bhrí sin, chun an bhearna a líonadh le haghaidh na tréimhse idir an 1 Eanáir 2026 agus an t-am a gheofar an ranníocaíocht thuasluaite, beidh feidhm chúlghabhálach ag an ngníomh atá beartaithe ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Leis an éifeacht chúlghabhálach sin, ní dhéantar difear do chearta ná d'oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann, agus déantar prionsabal an ionchais dhlisteanaigh a urramú.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh an Aontais. Nuair a ghlacfar é, ba cheart an seasamh a chur i láthair a luaithe is féidir i gComhchoiste LEE.

Leis an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo, tugtar isteach cearta rannpháirtíochta do Stáit LEE CSTE sna gníomhaíochtaí atá mar thoradh ar Rialachán (AE) 2025/2643 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, rud a théann thar na nithe a bhféadfaí a mheas nach bhfuil iontu ach oiriúnuithe teicniúla de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle[2]. Dá bhrí sin, is í an Chomhairle a leagfaidh síos seasamh an Aontais.

Sa dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo tá na príomh-oiriúnuithe seo a leanas le haghaidh Stáit CSTE LEE.

Faoin gcóras a bunaíodh leis an gCinneadh ón gComhchoiste, tar éis Rialachán EDIP a ionchorprú i gComhaontú LEE, déantar inniúlacht an Choimisiúin cinntí a ghlacadh a bhaineann le gnóthais atá bunaithe i Stáit CSTE agus/nó lonnaithe iontu, maidir le fíneálacha a fhorchur, a dhílsiú d'Údarás Faireacháin CSTE i gcolún CSTE (oiriúnuithe (ii) agus (iii)).

Tá an Coimisiún inniúil na bearta ceangailteacha sin a dhéanamh a mhéid a bhaineann le gnóthais atá bunaithe lasmuigh de Stáit CSTE, agus a mhéid a bhaineann leis na gnóthais sin amháin, agus tugtar an inniúlacht d'Údarás Faireacháin CSTE na cumhachtaí céanna a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le daoine dlítheanacha atá bunaithe i Stáit CSTE agus/nó lonnaithe iontu.

Féadfaidh an Coimisiún dréachtchinneadh a ullmhú d'Údarás Faireacháin CSTE nuair a mheasfar gur gá fíneálacha a fhorchur a mhéid a bhaineann le gnóthais atá bunaithe i Stáit CSTE agus/nó lonnaithe iontu.

Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh chinntí Údarás Faireacháin CSTE os comhair Chúirt CSTE de bhun Airteagal 36 den Chomhaontú Faireacháin agus Cúirte. Is í Cúirt CSTE amháin atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht chinntí Údarás Faireacháin CSTE (oiriúnú (v)).

Cinnfidh Stáit CSTE leithdháileadh mhéideanna na bhfíneálacha arna mbailiú ag Údarás Faireacháin CSTE i Stáit CSTE (oiriúnú iv). Eascraíonn sé sin as struchtúr dhá cholún

[2] Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

Chomhaontú LEE agus an cleachtas seanbhunaithe maidir le hoiriúnuithe a mhéid a bhaineann le fíneálacha a leithdháileadh.

Ba cheart do Stáit CSTE LEE ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh freisin i leith na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear thuas. Díolmhófar an Íoslainn agus Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach san Ionstraim seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann léi.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 1.4. Bunús dlí don nós imeachta

#### *1.4.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *1.4.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 1.5. Bunús dlí substainteach

#### *1.5.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach maidir le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle, braitheann sé go príomha ar bhunús dlí substainteach an ghnímh dlí de chuid an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

---

3 Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### *1.5.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é go leathnaítear leis an gCinneadh ón gComhchoiste comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE chun Rialachán (AE) 2025/2643 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú a chumhdach, is iomchuí an cinneadh seo ón gComhairle a bhunú ar an mbunús dlí substainteach céanna agus atá ag an ngníomh de chuid an Aontais atá ina ábhar don chomhar sin. Dá bhrí sin, is iad Airteagail 114(1), 173(3), 212(2) agus 322(1) de CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 1.6. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagail 114(1), 173(3), 212(2) agus 322(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Leis an ngníomh ó Chomhchoiste LEE, leasófar Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, agus dá bhrí sin is gníomh é is iomchuí a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2026/0135 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

**(Rialachán EDIP)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114(1), 173(3), 212(2) agus 322(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[5] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, *inter alia*, a leasú.

(3) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a chumhdach.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh atá i gceangal leis seo,

---

4 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

5 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

6 Rialachán (AE) 2025/2643 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2025 lena mbunaítear an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus creat beart chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta a áirithiú, IO L, 2025/2643, 29.12.2025.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*